

Aitheantóir Beartais: Beartas um Chosaint: Leanaí

Teideal Beartais:	Beartas um Chosaint: Leanaí
Cur Síos:	Beartas a thugann treoracha agus treoir do gach ball de phobal MIE maidir lena n-oibleagáidí reachtúla nua a chomhlíonadh faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus maidir le cur chun feidhme leanúnach na treorach dea-chleachtais (neamhreachtúil) atá leagtha amach sa Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017.
Údar (Post):	An tUachtarán
Leagan:	1.1
Arna Fhaomhadh ag:	Bord Rialaithe MIE
Dáta Faofa an Bheartais:	Deireadh Fómhair 2023
Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:	Meitheamh 2027 (nó mar is gá)

Beartas um Chosaint: Leanaí

1. Ráiteas

- 1.1 Is mian le hInstitiúid Oideachais Marino (MIE) a áirithiú go gcoinníonn sí na caighdeáin is airde is féidir ina cuid idirghníomhaíochtaí go léir le leanaí. Féadfaidh leanaí a bheith bainteach le saol MIE ar roinnt bealaí, lena n-áirítear a bheith ina mic léinn MIE fós faoi 18 mbliana d'aois, leanaí atá ag tabhairt cuairte ar shaoráidí MIE nó atá ag baint úsáide astu nó atá ag freastal ar imeachtaí, leanaí a dtugann tuismitheoirí ar an láthair iad, nó leanaí a d'fhéadfadh a bheith páirteach i dtaighde.
- 1.2 Aithníonn MIE go bhfuil sábháilteacht agus leas leanaí a bhfuil sí freagrach astu thar a bheith tábhachtach. Gabhann sí uirthi féin na caighdeáin is airde is féidir a choinneáil d'fhonn a freagracht as na leanaí sin a chosaint.
- 1.3 Ní mór do gach duine a oibríonn thar ceann MIE a bheith ar an airdeall faoin bhféidearthacht go mbainfí mí-úsáid as leanaí (faillí, drochíde mhothúcháinach, drochíde fhísiceach, agus mí-úsáid ghnéasach) agus faoina n-oibleagáid aon imní a thuairisciú do dhuine de na Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe (DLPanna). Ní mór aon fhorais réasúnta a thuairisciú go bhféadfadh go raibh nó go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanaí, nó go bhfuil an baol ann. Ní gá d'aon bhall de phobal MIE a chruthú gur tharla mí-úsáid chun imní a thuairisciú. Ní theastaíonn ach go bhfuil forais imní réasúnta ann. Is é ról Tusla (an Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh) measúnú a dhéanamh ar ábhair imní a thuairiscítear di.
- 1.4 Tá sé mar aidhm ag an doiciméad beartais agus nósanna imeachta seo a áirithiú nach gcuirtear leanaí i mbaol agus iad i mbun gníomhaíochtaí MIE. Tugann sé breac-chuntas ar na céimeanna atá le glacadh nuair a bhíonn imní ann faoi leas linbh, nó nuair a dhéantar gearán faoi bhall de phobal MIE. Tá sé deartha chun iad siúd atá i riocht muiníne agus iad siúd a bhfuil freagracht orthu a chosaint.
- 1.5 Is é seo an Beartas oifigiúil um Chosaint Leanaí de chuid MIE¹.
- 1.6 Tá an beartas seo beartaithe do gach ball de Phobal MIE agus go háirithe dóibh siúd a bhfuil teagmháil acu le leanaí de réir a ndualgas nó chun riachtanais na gclár staidéir a chomhlíonadh, agus ar mian leo aghaidh a thabhairt ar aon imní a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le sábháilteacht agus folláine. Soláthraíonn sé treoir maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil le leanaí agus ar chleachtais shábháilte agus iad ag obair le leanaí.
- 1.7 Cuimsíonn na catagóirí nó na leanaí a chosnaíonn an beartas seo na nithe a leanas, ach níl

¹ Féach freisin [Ráiteas Cosanta Leanaí](#)

Aitheantóir Beartais: Beartas um Chosaint: Leanaí

siad teoranta dóibh:

- Leanaí lena n-oibríonn an fhoireann agus mic léinn i gcáil acadúil, tacaíochta nó dheonach;
- Leanaí ar ábhair taighde acadúil iad;
- Leanaí a úsáideann saoráidí MIE;
- Leanaí a bhíonn ag freastal ar scoileanna samhraidh nó ar chlár eile a eagraíonn IOM do leanaí;
- Leanaí a bhíonn ag freastail ar Laethanta Oscailte;
- Leanaí a bhíonn ina gcónaí i gcóiríocht IOM le linn na laethanta saoire;
- Leanaí ar shocrúcháin taithí oibre in MIE, e.g., mic léinn Idirbhliana;
- Leanaí atá ar chuairt ar MIE ar chúis ar bith eile;
- Leanaí i mbaol atá tugtha faoi deara ag baill phobal MIE, agus iad ag gníomhú ina gcáil mar fhostaithe, mic léinn nó oibrithe deonacha MIE, e.g. siblínní mac léinn MIE;
- Leanaí atá ina mic léinn chláraithe faoi aois 18 mbliana.

2. Cuspóir

- 2.1 Is é an beartas seo an Beartas Cosanta oifigiúil MIE:
- 2.2 Tá sé beartaithe do gach ball de Phobal MIE, lena n-áirítear Iontaobhaithe, an Bord Rialaithe, gach ball foirne, mic léinn, oibrithe deonacha agus daoine a thagann i dteagmháil le leanaí i gcomhthéacs ranganna, teagaisc nó seirbhísí ag MIE.
- 2.3 Is é aidhm an doiciméid bheartais athbhreithnithe seo treoracha agus treoir a thabhairt maidir lena n-oibleagáidí reachtúla nua a chomhlíonadh faoin [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) agus maidir le cur chun feidhme leanúnach na treorach dea-chleachtais (neamhreachtuil) atá leagtha amach sa [Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017](#).
- 2.4 Tá sé de dhualgas ar gach ball de Phobal MIE a bheith eolach ar an doiciméad beartais agus nós imeachta seo agus cloí leis. Is é beartas MIE go ndéantar gach ábhar imní, gearán agus nochtadh cosanta leanaí as a dtagann cúiseanna réasúnacha imní a thuairisciú do na húdaráis reachtúla. Is ábhar araíonachta é mainneachtain imní cosanta leanaí a thuairisciú, is sárú é ar [Chód Iompraíochta MIE](#) agus, dá bhrí sin, tabharfar aghaidh air faoin nós imeachta araíonachta [ábhartha](#).

3. Tairbhí

Leagtar amach go soiléir sa doiciméad seo freagrachtaí gach ball de phobal MIE i gcomhréir leis an reachtaíocht is déanaí maidir le leanaí a chosaint.

4. Prionsabail

- 4.1 Beidh leas leanaí thar a bheith tábhachtach i gcónaí.
- 4.2 Urramófar cearta aon duine is ábhar do ghearán faoi mhí-úsáid.
- 4.3 Ní mór na cleachtais is sábháilte agus is féidir a ghlacadh i ngach clár agus i ngach gníomhaíocht d'fhonn an dochar a íoslaghdú.
- 4.4 Tá freagracht ar gach ball de phobal MIE leas a chur chun cinn, díobháil a sheachaint, agus gan iad féin nó daoine eile a chur i staid ina bhfuil riosca gan ghá.

5. Creat Dlíthiúil

Maidir leis na nósanna imeachta atá sa doiciméad seo, cuirtear san áireamh [an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) agus an [Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí](#) a foilsíodh in 2017 (dá ngairtear Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017 anseo feasta).

5.1 [An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015](#)

- i. Leagadh [leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) oibleagáidí reachtúla áirithe ar ghairmithe áirithe, dá ngairtear Daoine faoi Shainordú san Acht. Leag sé oibleagáidí reachtúla áirithe freisin ar institiúidí áirithe a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí. Is ionann oibleagáid reachtúil agus oibleagáid a fhorchuirtear le reachtaíocht.
- ii. Tugann [Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017](#) breac-chuntas ar na hoibleagáidí reachtúla nua a bhaineann le Daoine faoi Shainordú agus na hoibleagáidí reachtúla nua a bhaineann le hinstitiúidí faoin Acht. Leagtar amach ann freisin na hoibleagáidí dea-chleachtais (neamhreachtúla) atá i bhfeidhm do gach duine aonair agus do gach earnáil den tsochaí. Feidhmíonn na hoibleagáidí reachtúla faoin [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) taobh le taobh leis na hoibleagáidí dea-chleachtais (neamhreachtúla).
- iii. Faoi [Threoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017](#), tá na hoibleagáidí dea-chleachtais (neamhreachtúla) atá ann cheana féin chun aon imní réasúnta a thuairisciú go raibh nó go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil an baol ann, i bhfeidhm fós mar a bhí roimhe sin.
- iv. Dá bhrí sin, leanann na nósanna imeachta nuashonraithe seo leis an gceanglas aird an DLP a dhíriú ar aon imní go raibh nó go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil an baol ann.
- v. Faoi Alt 14 den [Acht um Thús Áite do Leanaí](#) 2015 tá oibleagáid reachtúil anois ar gach Duine faoi Shainordú a t(h)uarascáil féin a thabhairt do Tusla i gcás ina bhfuil ábhar imní um chosaint leanaí ag tairseach díobhála nó os a chionn, mar a shainmhínítear san [Acht](#)

- é. Sna nósanna imeachta seo, tugtar tuarascálacha sainordaithe ar thuarascálacha den sórt sin.
- vi. Cuimsíonn na nósanna imeachta seo tuilleadh faisnéise maidir le tairseach na díobhála a gcaithfear tuarascáil shainordaithe a dhéanamh ina leith. Leagtar amach sa doiciméad seo na nósanna imeachta tuairiscithe ábhartha atá le cur i bhfeidhm i ndáil le tuarascálacha den sórt sin, lena n-áirítear an ceanglas idirchaidreamh a dhéanamh leis an DLP agus tuarascáil shainordaithe a chur faoi bhráid Tusla i gcomhpháirt leis an DLP.
- vii. Leagtar amach in Alt 10 den [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) oibleagáid reachtúil chun a chinntiú, a mhéid is indéanta, go bhfuil gach leanbh atá ag freastal ar sheirbhís ábhartha sábháilte ó dhochar agus é/í i láthair nó ag glacadh páirte ar bhealach eile i ngníomhaíochtaí.
- viii. Ceanglaítear ar Sheirbhísí Ábhartha freisin faoi Alt 11 den [Acht Ráiteas um Chosaint Leanaí](#) a ullmhú agus a fhoilsiú.
- ix. Ar leithligh ón [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) tá dualgas ginearálta cúraim ar gach seirbhís a bhaineann le leanaí. Tá daoine a bhfuil baint acu le seirbhísí a sholáthar do leanaí i riocht maith freisin chun saincheistean na níos leithne leasa leanaí a aithint a bhféadann ról lárnach a bheith acu i leas agus i gcosaint iomlán leanaí agus i mí-úsáid agus faillí leanaí a chosc má thugtar aghaidh orthu go cuí ag céim luath.
- x. Tá sé mar aidhm ag na nósanna imeachta seo faisnéis riachtanach a sholáthar chun cabhrú le daoine a bhfuil baint acu le leanaí a bheith ar an airdeall agus a bheith ar an eolas faoi cad ba cheart a dhéanamh i gcásanna ina bhfuil imní, amhras nó líomhain ann go bhféadfadh go raibh mí-úsáid nó faillí déanta ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil an baol ann. I ngach cás, is é cosaint leanaí an rud is tábhachtaí atá le cur san áireamh. Maidir leis seo, is léir ó na nósanna imeachta seo gur gá go mbeadh sábháilteacht, folláine agus cosaint leanaí a bheith mar thosaíocht.
- xi. Éilíonn na nósanna imeachta seo in aon chás ina bhfaigheann duine líomhain nó má tá amhras ann go bhféadfadh go raibh mí-úsáid nó faillí déanta ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil an baol ann, go ndéanfaidh sé/sí an t-ábhar a thuairisciú gan mhoill don DLP. Tá an DLP freagrach as a áirithiú go ndéantar aon fhorais réasúnta imní a thuairisciú do Tusla. Ní gá don DLP a chruthú gur tharla mí-úsáid chun ábhar imní a thuairisciú. Ní theastaíonn ach go bhfuil forais imní réasúnta ann.

5.2 Sa chás go bhfaigheann Duine faoi Shainordú líomhain nó má tá amhras air/uirthi go bhféadfadh go raibh mí-úsáid nó faillí déanta ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil an baol ann, mar aon leis an ábhar a thuairisciú don DLP, ní mór dó/di breithniú freisin an bhfuil sé riachtanach dó nó di tuarascáil shainordaithe a thabhairt do Tusla maidir leis an imní sin. Maidir leis sin, éilíonn na nósanna imeachta seo go ndéanfaidh an Duine faoi Shainordú idirchaidreamh leis an DLP agus go leanfaidh sé/sí na nósanna imeachta atá leagtha amach sa doiciméad seo.

5.3 [An tAcht um Chúram Leanaí 1991](#)

Is é seo an príomhphíosa reachtaíochta a rialaíonn beartas cúraim leanaí in Éirinn. Faoi [Acht](#) seo, tá freagracht reachtúil ar Tusla leas leanaí nach bhfuil cúram agus cosaint leordhóthanach acu a chur chun cinn. Má aimsítear nach bhfuil cúram agus cosaint leordhóthanach á bhfaíl ag leanbh, tá sé de dhualgas ar Tusla beart iomchuí a dhéanamh chun leas an linbh a chur chun cinn. D'fhéadfadh go n-áireofaí air seo tacú le teaghlaigh a dteastaíonn cúnamh uathu chun cúram agus cosaint a sholáthar dá leanaí. Leagtar amach san [Acht um Chúram Leanaí 1991](#) an creat reachtúil chun leanaí a chur faoi chúram, más gá.

5.4. [An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998](#)

5.4.1. Tugann an tAcht seo cosaint do dhuine a dhéanann tuairisc ar mhí-úsáid leanaí amhrasta d'oifigh ainmnithe Tusla nó d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó do bhaill den Gharda Síochána fad a dhéantar an tuarascáil le dea-intinn agus nach bhfuil sé mailíseach. Ciallaíonn an chosaint dhlíthiúil seo, fiú má thuairiscíonn duine cás mí-úsáide leanaí amhrasta agus má chruthaítear nach raibh bunús leis, ciallaíonn an chosaint dhlíthiúil go mbeadh ar ghearánach a rinne caingean a chruthú nár ghníomhaigh an duine go réasúnach agus le dea-intinn agus é/í ag déanamh na tuarascála. D'fhéadfadh duine a dhéanann tuarascáil le dea-intinn agus ar mhaithe le leas an linbh cosaint a fháil freisin faoi dlí coiteann tríd an gcosaint de phribhléid cháilithe.

5.4.2. Cruthaíodh leis an Acht cion maidir le tuairisciú bréagach ar mhí-úsáid leanaí i gcás ina ndéanann duine tuairisc ar mhí-úsáid leanaí chuig oifigeach ainmnithe Tusla nó FSS nó chuig ball den Gharda Síochána "agus iad eolach go bhfuil an ráiteas sin bréagach". Is cion coiriúil é seo atá deartha chun daoine neamhchiontacha a chosaint ar thuairiscí mailíseacha.

5.5. [An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006 - Cur i mBaol Meargánta](#)

5.5.1. Cruthaíodh le [hAlt 176 den Acht](#) cion maidir le leanaí a chur i mbaol go meargánta.

Aitheantóir Beartais: Beartas um Chosaint: Leanaí

Féadfaidh duine, a bhfuil údarás nó smacht aige/aici ar leanbh nó ar mhí-úsáideoir, an cion seo a dhéanamh, duine a chuireann an leanbh i mbaol d'aon ghnó nó go meargánta trí:

- i. Cead a thabhairt aon leanbh a chur nó a fhágáil i gcúinsí a chruthaíonn riosca substaintiúil don leanbh a bheith thíos le díobháil thromchúiseach nó le mí-úsáid ghnéasach, nó bheith ina chúis leis sin, nó
- ii. Mainneachtain bearta réasúnacha a dhéanamh chun leanbh a chosaint ar riosca den sórt sin agus fios a bheith acu go bhfuil an leanbh i staid den sórt sin, tá an duine ciontach i gcion.

5.5.2. Is í fíneáil (gan aon uasteorainn) agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná deich mbliana an pionós ar dhuine a fhaightear ciontach sa chion seo.

5.6. [An tAcht um an Dlí Coiriúil \(Cionta Gnéasacha\) 2017](#)

Pléann an [tAcht](#) seo le dúshaothrú gnéasach leanaí agus díríonn sé orthu siúd a bhíonn i mbun na gníomhaíochta coiriúla seo. Cruthaíonn sé cionta a bhaineann le leanaí a fháil nó a sholáthar chun críocha dúshaothrú gnéasach. Cruthaíonn sé freisin cionta de na cineálacha gníomhaíochta a d'fhéadfadh tarlú i gcéimeanna luatha an phróisis chreiche sula ndéantar leanbh a shaothrú i ndáiríre, mar shampla, teicneolaíocht nua-aimseartha a úsáid chun creach a dhéanamh ar leanaí agus socruithe a dhéanamh chun bualadh le leanbh nuair a bhíonn sé ar intinn leas a bhaint as an leanbh go gnéasach. Aithníonn an [tAcht](#) freisin go bhfuil caidreamh piaraí faoi aois, comhthoiliúil ann nuair a thagann aon ghníomhaíocht ghnéasach faoi theorainneacha aoise atá sainmhínithe go docht agus nach bhfuil an caidreamh imeaglach nó dúshaothraithe.

6 Príomhphearsanra

6.1 Pearsanra Ainmnithe

Príomhphearsanra	Ainm	Post	Seoladh	Uimhir ghutháin DLP
Duine Ábhartha don Ráiteas um Chosaint Leanaí	An Dr Seán Delaney	Cláraitheoir	Institiúid Oideachais Marino	
Duine Idirchaidrimh Ainmnithe	An Dr Julie Uí Choistealbha	Léachtóir Sinsearach Beartais agus Cleachtais	Institiúid Oideachais Marino	087 9191483
Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe	Ciarán Fogarty	Stiúrthóir Eastáit agus Comhdhála	Institiúid Oideachais Marino	

Aitheantóir Beartais: Beartas um Chosaint: Leanaí

Baill na Foirne Cosanta	Feargal Ó Laighin	Léachtóir in OSPS	Institiúid Oideachais Marino	
	Natasha O'Donnell	Comhordaitheoir Socrúcháin Allamuigh (B.Eol san Oideachas Luath-Óige)	Institiúid Oideachais Marino	
	An Dr Maja Haals Brosnan	Léachtóir Sinsearach agus Ceannaire an Chúrsa B.Eol san Oideachas Luath-Óige	Institiúid Oideachais Marino	
	Mairéad Minnock	Comhordaitheoir Socrúcháin Scoile (Gníomhach)	Institiúid Oideachais Marino	
Oifigeach Idirchaidrimh Grinnfhiosrúcháin	Shauna Cassidy	Cláraitheoir Cúnta	Institiúid Oideachais Marino	
Bainisteoir Acmhainní Daonna	Róisín Sullivan	Stiúrthóir Acmhainní Daonna	Institiúid Oideachais Marino	

Sonraí Teagmhála do Sheirbhísí Tacaíochta MIE

- Seirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn IOM

Seomra 42, Foirgneamh Naomh Phádraig, Campas MIE

marinocounselling@mie.ie

- Ionad Míochaine Fairview/Fairview Medical Centre

37 - 39 Trá Fhionnradhairc, Baile Átha Cliath 3

[\(01\) 833 9856](tel:018339856)

- An tSeirbhís Séiplíneachta

An Dr Lily Barry

Institiúid Oideachais Marino

lily.barry@mie.ie

Sonraí Teagmhála do Sheirbhísí Reachtúla

- TUSLA, Gníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh

An Ceantar Theas, Bóthar Eoin Thiar, Cill Mhaighneann, Baile

Átha Cliath Láithreán Gréasáin: Tusla.ie

Teileafón: (01) 771 8500

Feidhmíonn [Tusla](#) seirbhís oibre sóisialta taobh amuigh d'uaireanta oibre, rud atá ar fáil ach teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána. Pléann an tseirbhís seo le haon éigeandálaí a tharlaíonn lasmuigh d'uaireanta oifige. Má tá imní ann faoi shábháilteacht láithreach linbh, téigh i dteagmháil leis an nGarda Síochána taobh amuigh d'uaireanta oibre. Déileálann an tseirbhís lasmuigh d'uaireanta oibre le cásanna a thugtar chuig aird an Gharda Síochána, áit a bhfuil leanbh i mbaol díobhála láithreach.

Is féidir tuairisc a thabhairt do [Tusla](#) go pearsanta, ar an teileafón nó i scríbhinn chuig an tseirbhís oibre sóisialta ar dualgas áitiúil; is féidir iad seo a fháil ar láithreán gréasáin Tusla, www.tusla.ie, sa cheantar ina gcónaíonn an leanbh. Má dhéantar an tuarascáil ó bhéal ba chóir í a leanúint tríd an [bhfoirm tuarascála um Chosaint agus Leas Leanaí](#) atá ar fáil ar láithreán gréasáin Tusla a chomhlánú.

2. An Garda Síochána Protective Services Unit,
<https://www.garda.ie/en/about-us/specialist-units/garda-national-protective-services-bureau-gnpsb/>

6.2. Róil agus freagrachtaí

6.2.1. An Bord Rialaithe²

- i. Beartas Cosanta a Fhaomhadh
- ii. Smaoineamh ar an athbhreithniú gach trí bliana ar Bheartas agus Nósanna Imeachta.
- iii. Smaoineamh ar thuarascálacha tréimhsiúla maidir leis na Socrúcháin Cosanta
- iv. Aon ghníomh iomchuí a dhíriú bunaithe ar an smaoineamh mar sin

6.2.2. An tUachtarán

- i. DLP agus Leas-DLP a cheapadh.
- ii. Duine Ábhartha a cheapadh do [Ráiteas um Chosaint Leanaí](#) a bhfuil freagracht fhoriomlán air/uirthi as cosaint laistigh de MIE.
- iii. An Beartas agus an nós imeachta um chosaint a mholadh don Bhord Rialaithe².
- iv. A chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar an mBeartas um Chosaint agus ar an nós imeachta um Chosaint gach trí bliana.

² Féach [Cód Rialachais](#) agus [Cúrsaí Forchoimeádtar do Bhord Rialaithe MIE](#)

- v. Breithniú ar aon tuarascálacha a sholáthraíonn an Duine Ábhartha/DLP dóibh agus a chinntiú go ndéantar beart iomchuí.

6.2.3. Duine Ábhartha don [Ráiteas um Chosaint Leanai](#)

Tá freagracht fhoriomlán maidir le cosaint ar an Duine Ábhartha don [Ráiteas um Chosaint Leanai](#), arna cheapadh ag Uachtarán MIE

- a) Freagracht tarmiligthe fhoirmiúil, ag Uachtarán MIE, i ngach ábhar cosanta.
- b) Tuarascáil bhliantúil (nó cibé ócáidí eile is iomchuí agus comhaontaithe) ar chosaint a chur faoi bhráid an Uachtaráin

6.2.4. Baill de Phobal MIE

- i. Tagraíonn an téarma seo d'iontaobhaí, do bhall de Bhord Rialaithe³, do bhall dáimhe nó foirne, do mhac léinn, do sholáthraí seirbhíse agus do dhaoine atá ag obair ar bhonn deonach agus d'aon bhall de Phobal an Choláiste a bhfuil teagmháil aige/aici le lenaí nó le daoine leochaileacha.
- ii. Ní mór do bhaill de Phobal MIE cloí leis an mBeartas um Chosaint.

6.2.5. Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DLP)

- i. Is acmhainn é an DLP d'aon duine laistigh de MIE a bhfuil imní cosanta nó leasa orthu.
- ii. Is é Uachtarán MIE a cheapann na DLPanna. Tuairiscíonn na DLPanna don Chláraitheoir ar gach ábhar a éiríonn as cur i bhfeidhm an Bheartais. Ar chúiseanna rúndachta, de ghnáth ní nochtfar sonraí cásanna aonair don Chláraitheoir.
- iii. Tá an DLP freagrach as a chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta tuairiscithe i bhfeidhm laistigh de MIE, ionas go gcuirtear ábhair imní leasa agus cosanta leanai ar aghaidh go pras chuig Tusla. Ba cheart don DLP gach ábhar imní nó líomhain faoi mhí-úsáid a tugadh dá (h)aird a thaifeadadh, mar aon leis na bearta a dhéantar maidir le hábhar imní nó líomhain faoi mhí-úsáid.
- iv. Má chinneann an DLP gan ábhar imní a thuairisciú do Tusla, ba cheart na céimeanna a leanas a ghlacadh:
 - a) Ba cheart na cúiseanna gan tuairisciú a thaifeadadh
 - b) Ba cheart aon ghníomhartha a rinneadh mar thoradh ar an imní a

³ Féach [Cód Rialachais](#) agus [Cúrsaí Forchoimeádtar do Bhord Rialaithe MIE](#)

thaifeadadh

- c) Ba cheart míniú soiléir i scríbhinn a thabhairt don duine a d'ardaigh an t-ábhar imní maidir leis na cúiseanna gan an t-ábhar imní a thuairisciú do Tusla
- d) Ba cheart a chur in iúl don duine má tá imní orthu i gcónaí faoin scéal, go bhfuil cead acu tuairisc a thabhairt do Tusla nó don Gharda Síochána.

6.2.6. Bainisteoir Acmhainn Daonna

- i. Dea-chleachtas a chinntiú i ngach réimse ábhartha.
- ii. A chinntiú go soláthraítear earcaíocht, ionduchtú agus oiliúint leanúnach.

6.2.7. Oifigeach Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána

A chinntiú go gcomhlíontar gach oibleagáid dhlíthiúil agus gach oibleagáid ghaolmhar.

6.2.8. Ceann na Roinne

- i. Daoine Freagracha a Cheapadh.
- ii. Údarú chun Saoráidí MIE a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí nó clár a bhaineann le leanaí.

6.2.9. Duine Freagrach - Faofa ag Ceann na Roinne

Cosaintí agus cleachtais iomchuí a chinntiú ina réimsí freagrachta, lena n-áirítear measúnú riosca ar gach gníomhaíocht/clár.

6.2.10. Daoine faoi Shainordú

- i. Sa chás go bhfuil daoine faoi shainordú fostaithe ag MIE freisin, tá sé tábhachtach a thabhairt d'aire nach mór don Duine faoi Shainordú an oibleagáid reachtúil ar Dhaoine faoi Shainordú tuairisciú faoin [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) a urscaoileadh agus ní féidir leis an DLP í a urscaoileadh thar a gceann.
- ii. Má tá ról DLP in MIE ag Duine faoi Shainordú freisin, ní mór dóibh oibleagáidí reachtúla an Duine faoi Shainordú a chomhlíonadh. Ciallaíonn sé seo má chuirtear DLP ar an eolas faoi imní faoi leanbh a chomhlíonann nó a sháraíonn tairseacha an dochair maidir le tuairisciú faoi shainordú, agus gur Duine faoi Shainordú é/í an DLP freisin, tá oibleagáid reachtúil orthu tuarascáil a thabhairt do Tusla.
- iii. Is daoine a bhfuil teagmháil acu le leanaí nó le daoine fásta iad daoine faoi

shainordú (i gcomhréir le forálacha an [Achta um Thús Áite do Leanaí 2015](#)) agus atá, mar gheall ar a gcáilíochtaí, a n-oiliúint agus a ról fostaíochta, i riocht lárnach chun cabhrú le leanaí a chosaint ar dhochar. Tá dhá phríomhoibleagáid dhlíthiúla ag daoine faoi shainordú faoin [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#). Is iad siúd:

- a) Díobháil leanaí os cionn tairisí sainithe a thuairisciú do Tusla;
- b) Cuidiú le Tusla, má iarrtar é, ábhar imní a mheas a bhí ina ábhar do thuarascáil shainordaithe.

iv. Faoin reachtaíocht, tá oibleagáid reachtúil ar dhaoine faoi shainordú atá fostaithe ag MIE, nó daoine faoi shainordú atá ag soláthar seirbhísí do MIE, aon eolas, tuairim nó amhras réasúnach a thuairisciú go ndearnadh dochar do leanbh, go bhfuil dochar á dhéanamh do leanbh, nó go bhfuil an leanbh i mbaol de dhíobháil. Sainmhíníonn an [tAcht](#) díobháil mar ionsaí, drochíde, faillí nó mí-úsáid ghnéasach, agus clúdaíonn sé cásanna aonair agus iolracha. Tá an tuairisc ar na ceithre chineál mí-úsáide seo, agus tairseach an dochair do gach catagóir mí-úsáide a bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine faoi shainordú ábhar imní a thuairisciú, leagtha amach sa [Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017](#). Tarraingítear aird na nDaoine faoi Shainordú freisin ar na rannáin sa [Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017](#) a dhéileálann le:

- a) Daoine faoi Shainordú a oibríonn le daoine fásta;
- b) Déileáil le líomhain siarghabhálach;
- c) Tuarascáil shainordaithe a dhéanamh; agus
- d) Iarmhairtí a bhaineann le neamhthuairisciú.

v. Ní cheanglaítear ar Dhaoine faoi Shainordú fírinne na n-éileamh nó creidiúnacht an linbh/an aosaigh a mheas.

vi. Comhlíonann daoine faoi shainordú an oibleagáid tuairiscithe trí chomhthuarascála a dhéanamh le DLP do Tusla.

vii. Aithníonn MIE go gcuirtear feabhas ar chumas Tusla cinntí ar ardchaighdeán a dhéanamh bunaithe ar fhianaise maidir le leas agus/ ó cosaint linbh trí chomhoibriú agus trí chomhroinnt faisnéise faoi leanbh. Maidir leis seo, tá MIE ag súil go roinnfidh gach ball foirne ábhartha faisnéis ábhartha, má iarrtar sin (ní choisceann na hAchtanna um Chosaint Sonraí [1988](#) agus [2003](#)

faisnéis a roinnt ar bhonn réasúnach comhréireach chun críocha cosanta leanaí).

viii. Is iad na daoine faoi shainordú i MIE:

- a) Foireann atá fostaithe ag MIE in aon cheann de na ról atá liostaithe thíos, agus
- b) Daoine a sholáthraíonn seirbhísí do MIE in aon cheann de na ról atá liostaithe thíos:
 - Síciatraí
 - Liachleachtóir Ginearálta
 - Comhairleoir
 - Síceolaí
 - Altra
 - Séiplíneach
 - Oifigeach Tacaíochta Mac Léinn
 - Múinteoirí cláraithe agus baill den Chomhairle Mhúinteoireachta

7 Sainmhínithe

7.1. Leanbh

7.1.1. Ciallaíonn “leanbh” duine faoi 18 mbliana d’aois seachas duine atá nó a bhí pósta.

7.1.2. Aois an toilithe - Faoi [Acht um Chionta Gnéasacha 2017](#), is é aois dhlíthiúil an toilithe ná 17. Tá aon chaidreamh gnéasach ina bhfuil páirtí amháin nó an dá pháirtí faoi 17 mbliana d’aois mídhleathach, cé go mb’fhéidir nach measfaí gur mí-úsáid ghnéasach leanaí é.

7.2. Sainmhíniú ar ‘Mí-Úsáid Leanaí’

Sa chás go n-úsáidtear na focail “mí-úsáid leanaí” sna nósanna imeachta seo ba cheart a mheas go gcuimseodh siad gach ceann de na ceithre chatagóir (faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid fhisiciúil agus mí-úsáid ghnéasach) mar a leagtar amach i gCaibidil 2 den [Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017](#).

7.3. Sainmhíniú ar ‘faillí’

7.3.1. Is féidir faillí a shainiú i dtéarmaí easnaimh, i gcás ina bhfulaingíonn an leanbh dochar nó lagú suntasach ar fhorbairt trí bhia, éadaí, teas, sláinteachas, spreagadh intleachta, maoirseacht agus sábháilteacht, ceangal le daoine fásta

agus gean uathu, agus/nó cúram leighis a bhaint díobh.

7.3.2. Is féidir dochar a shainiú mar dhrochíde nó lagú ar shláinte nó ar fhorbairt linbh. Cibé acu an bhfuil sé suntasach a dheimhniú trí shláinte agus fhorbairt an linbh a chur i gcomparáid leis an méid lena mbeifí ag súil go réasúnta maidir le leanbh den aois chéanna.

7.3.3. De ghnáth bíonn faillí le feiceáil ar bhealaí éagsúla thar thréimhse ama seachas ag pointe sonrach amháin. Mar shampla, b'fhéidir nach bhfuil a c(h)uid riachtanas á gcomhlíonadh i gcás linbh a fhulaingíonn ó shraith mhionghortuithe, maidir le le maoirseacht agus sábháilteacht riachtanach. D'fhéadfadh cothú leordhóthanach a bheith á bhaint de leanbh a bhfuil a airde nó a meáchan i bhfad faoi bhun an mheáin. D'fhéadfadh sé go mbainfí spreagadh intleachta de leanbh nach dtéann ar scoil go seasta.

7.3.4. Sroichtear tairseach an dochair shuntasaigh nuair a dhéantar faillí ar riachtanais an linbh sa mhéid go ndéantar difear mór dá f(h)olláine agus/nó dá f(h)orbairt.

7.4. Sainmhíniú ar 'mí-úsáid mhothúchánach'

Is gnách go mbíonn mí-úsáid mhothúchánach le fáil sa chaidreamh idir tuismitheoir/cúramóir agus leanbh seachas in imeacht sonrach nó i bpatrún imeachtaí. Tarlaíonn sé nuair nach gcomhlíontar riachtanas forbartha an linbh maidir le gean, cead, comhsheasmhacht agus slándáil. Mura bhfuil cineálacha eile mí-úsáide i láthair, is annamh a léirítear é i gcomharthaí fisiciúla nó siomptóim fhisiciúla. D'fhéadfadh na nithe a leanas a bheith san áireamh:

- i. Tréithe diúltacha a fhorchur ar leanbh, arna chur in iúl trí cháineadh leanúnach, searbhas, naimhdeas nó milleán;
- ii. Tuismitheoireacht choinníollach ina ndéantar leibhéal an chúraim a thaispeántar do leanbh ag brath ar a (h)iompraíochtaí nó ar a g(h)níomhartha;
- iii. Níl tuismitheoir/cúramóir an linbh ar fáil go mothúchánach;
- iv. Neamhfhreagracht an tuismitheora/an chúramóra agus/nó ionchais neamhréire nó míchuí ar an leanbh;
- v. Forchur roimh am maidir le freagracht ar an leanbh;
- vi. Ionchais neamhréadúla nó mhíchuí ar chumas an linbh rud a thuiscint nó é/í féin a iompar agus a rialú ar bhealach áirithe;
- vii. Easpa cosanta nó ró-chosaint don leanbh;

- viii. Mainneachtain spéis a léiriú i bhforbairt chognaíoch agus mhothúchánach an linbh, nó deiseanna a sholáthar a oireann d'aois an linbh;
- ix. Beartha araíonachta atá míréasúnta nó ródhian a úsáid;
- x. Nochtadh d'fhoréigean teaghlaigh;
- xi. Nochtadh d'ábhar míchuí nó maslach trí theicneolaíocht nua.
- xii. Is féidir mí-úsáid mhothúchánach a léiriú i bhfeidhmiú iompraíochta, cognaíoch, iarmhartach nó fisiciúil an linbh. I measc samplaí díobh seo tá taobhú éiginnte, míshuaimhneas, féinmheas íseal, tearcghnóthachtáil oideachais agus forbartha, agus iompar freasúraíoch. Sroichtear tairseach an dochair shuntasaigh nuair is mó a bhíonn idirghníomhaíochtaí maslacha agus bíonn siad tipiciúil den chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir/cúramóir.

7.5. Sainmhíniú ar 'mí-úsáid fhisiciúil'

Is mí-úsáid fhisiciúil linbh é sin as a dtagann díobháil fhisiciúil iarbhir nó fhéideartha ó idirghníomhaíocht, nó easpa idirghníomhaíochta, atá go réasúnta faoi smacht tuismitheora nó duine atá i riocht freagrachta, cumhachta nó muiníne. D'fhéadfadh go mbeadh eachtraí aonair nó go minic ann.

D'fhéadfadh na nithe a leanas a bheith i gceist le mí-úsáid fhisiciúil:

- i. Pionós corpartha tromchúiseach;
- ii. Léasadh, greasáil, bualadh nó ciceáil;
- iii. Brú, croitheadh nó caitheamh;
- iv. Liomóg, greim, tachtadh nó tarraingt gruaige;
- v. Teann scéine le bagairtí;
- vi. Breathnú ar fhoréigean;
- vii. Fórsa iomarcach a úsáid i láimhseáil;
- viii. Nimhiú d'aon ghnó;
- ix. Plúchadh;
- x. Tinneas bréagach/spreagtha;
- xi. Riosca suntasach dochair shuntasaigh do leanbh a cheadú nó a chruthú.

7.6. Sainmhíniú ar 'mí-úsáid ghnéasach'

- 7.6.1. Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach nuair a úsáideann duine leanbh ar mhaithe lena s(h)ásamh nó a g(h)ríosú gnéis, nó ar mhaithe le duine eile. I measc samplaí de mhí-úsáid ghnéasach leanai tá:

- i. Nochtadh na n-orgán gnéasach nó aon ghníomh ghnéis a dhéantar d'aon ghnó i láthair an linbh;
- ii. Teagmháil nó ciapadh d'aon ghnó ar chorp linbh cibé acu ag duine nó ag réad chun críche suaitheadh gnéasach nó sásamh;
- iii. Glacaireacht i láthair an linbh nó baint an linbh le gníomh glacaireachta;
- iv. Caidreamh collaí leis an leanbh, bíodh sé ó bhéal, faighne nó tóna;
- v. Saothrú gnéasach linbh, lena n-áirítear gríosú, spreagadh, tairiscint, éileamh nó cead a thabhairt do leanbh striapachas nó gníomhartha gnéis eile a lorg nó dul i mbun gnímh. Tarlaíonn dúshaothrú gnéasach freisin nuair a bhíonn leanbh páirteach sa taispeántas, mainicíneacht nó deasú chun críche suaitheadh gnéasach, sásamh nó gníomh gnéasach, lena n-áirítear a thaifeadadh (ar scannán, téip físe nó meáin eile) nó an t-ionramháil, chun na críocha sin, ar an íomhá ar ríomhaire nó ar bhealaí eile. D'fhéadfadh go n-áireofaí ann freisin ábhar gnéasach a thaispeáint do leanaí, ar gné é go minic den phróiseas 'mealltóireachta' ag lucht déanta na mí-úsáide;
- vi. Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil ina mbíonn duine fásta agus duine faoi aois páirteach. Maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, ba chóir a thabhairt d'aire, chun críocha an dlí choiriúil, gurb é aois an toilithe le caidreamh collaí 17 mbliana d'aois do bhuachaillí agus do chailíní. Déileálfaidh an Garda Síochána le gnéithe coiriúla an cháis faoin reachtaíocht ábhartha.

7.6.2. Ba chóir a thabhairt d'aire nach sainmhíniú dlíthiúil é an sainmhíniú ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí a chuirtear i láthair san alt seo agus nach bhfuil sé beartaithe gur tuairisc é ar chion coiriúil ionsaí gnéis.

7.7. Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DLP)

7.7.1. An duine a ainmnítear mar DLP do MIE agus é/í ag déileáil le Tusla, leis an nGarda Síochána agus le páirtithe eile i ndáil le líomhaintí agus/nó le hábhair imní faoi mhí-úsáid leanaí.

7.7.2. Sa doiciméad seo beidh tagairt don DLP mar Leas-DLPanna freisin nó aon duine atá ainmnithe ag an Duine Ábhartha a bhfuil freagracht fhoriomlán air/uirthi as cosaint.

7.8. Daoine faoi Shainordú

Ciallaíonn Duine faoi Shainordú duine atá sonraithe i Sceideal 2 den [Acht um Thús Áite do Leanáí 2015](#).

Aitheantóir Beartais: Beartas um Chosaint: Leanaí

7.9. Soláthraí

Is ionann soláthraí agus an bhrí a shanntar dó faoi Alt 8 den [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#).

7.10. Duine Ábhartha

Is ionann duine ábhartha agus an bhrí a shanntar dó faoi Alt 8 den [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) agus is duine é ar cheapann soláthraí seirbhíse ábhartha é/í mar an chéad phointe teagmhála i leith Ráiteas um Chosaint Leanaí an tsoláthraí.

7.11. Ball de Phobal MIE

Chun críocha an doiciméid seo, áirítear leis an téarma “ball de Phobal MIE” iontaobhaithe, daoine a bhfuil baint acu le rialachas, Bord Rialaithe⁴, baill den fhoireann acadúil nó tacaíochta, mic léinn MIE agus/nó iad siúd atá ag obair ar bhonn deonach/gan phá thar ceann MIE.

7.12. Duine Freagrach

An duine ar cheapann Ceann Roinne é/í chun cosaintí agus cleachtais iomchuí a áirithiú ina réimse freagrachta, lena n-áirítear measúnú riosca agus bainistíocht ar gach gníomhaíocht/clár ábhartha.

8 Nós Imeachta chun Gearán a Dhéanamh

8.1 Achoimre ar na bearta atá le déanamh ag Baill MIE (Foireann nó Mic Léinn):

Céim	Tagairt Bheartais
1. Mí-úsáid/faillí leanaí/nochtadh déanta a aithint	8.2.1/ 8.2.4
2. Forais réasúnta a bhunú	8.2.2
3. Taifid chuí a choinneáil	8.3
4. Comhairle a lorg ón DLP ábhartha (In MIE nó sa suíomh socrúcháin)	8.4
5. Tuairisciú éigeantach ag an DLP nó ag an duine faoi shainordú	8.6, 8.7, 8.8
6. Nuair a dhéantar líomhaintí i gcoinne foirne, cuireann an DLP an roinn AD ar an eolas.	8.9.
7. Nuair a dhéantar líomhaintí i gcoinne mic léinn, cuireann an DLP an Cláraitheoir ar an eolas.	8.10

⁴ Féach [an Cód Rialachais](#) agus [Cúrsaí a Fhorchoimeádtar do Chomhlacht Rialaithe MIE](#)

8.2 Na bearta atá le déanamh ag Baill MIE (Foireann nó Mic Léinn)

8.2.1 Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na daoine sin a bhfuil forais réasúnta inní acu nó a bhfuil eolas nó amhras acu go bhféadfadh mí-úsáid a bheith déanta ar leanbh gníomhú go pras agus go híogair agus é á thuairisciú do dhuine de na DLPanna.

8.2.2 Ní mór cosaint agus leas na leanaí a bheith mar phríomhbhreithniú. Má bhíonn amhras tosaigh ag duine maidir le hábhair inní faoi shábháilteacht linbh a thuairisciú go foirmiúil, b'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú leo é sin a phlé le duine de na DLPanna a thabharfaidh comhairle agus treoir.

8.2.3 Faillí nó mí-úsáid leanaí a aithint

Is minic a bhíonn sé deacair faillí nó mí-úsáid a aithint agus d'fhéadfadh sí a bheith i go leor foirmeacha. Tá liosta de tháscairí mí-úsáide leanaí le fáil i Roinn 7. Níor cheart aon táscaire amháin a ghlacadh leis féin mar go bhfuil sé dochloíte maidir le mí-úsáid. Féadfaidh sé coinníollacha seachas mí-úsáid a léiriú. Caithfear gach comhartha agus siomptóm a scrúdú i gcomhthéacs staid agus imthosca teaghlaigh an duine.

8.2.4 Forais réasúnta inní

Seo a leanas treoir ar cad is forais réasúnta ann maidir le hábhair inní um chosaint leanaí nó um leas:

- i. Fianaise, mar shampla gortú nó iompar, atá ag teacht le mí-úsáid agus nach dócha gur tharla sé ar bhealach ar bith eile;
- ii. Aon inní faoi mhí-úsáid ghnéasach a d'fhéadfadh a bheith ann;
- iii. Comharthaí comhsheasmhacha go bhfuil faillí mhothúcháin nó fhisiciúil á déanamh ar leanbh;
- iv. Leanbh ag rá nó ag tabhairt le fios ar bhealaí eile go ndearnadh mí-úsáid air nó uirthi;
- v. Admháil nó léiriú ag duine fásta nó ag leanbh faoi mhí-úsáid líomhnaithe a rinne siad;
- vi. Cuntas ó dhuine a bhí mar fhinné nuair a tharla mí-úsáid an linbh.

8.2.5 D'fhéadfadh mí-úsáid leanaí teacht chun solais ar bhealaí éagsúla. Féadfar é a bheith fianaithe, líomhnaithe nó amhrasta agus d'fhéadfadh na cúinsí seo a leanas a chur san áireamh:

- i. Breathnóireacht dhíreach ar iompar atá maslach nó a mhúsclaíonn

- amhras faoi mhí-úsáid;
- ii. D'fhéadfadh sé a bheith díreach, sonrach agus tacaithe ag fianaise chomhthacaíoch amhail nuair a mhaíonn duine, cibé acu duine fásta nó leanbh, go ndearnadh mí-úsáid orthu, go nochtann siad gortuithe agus go n-ainmníonn sé an té a líomhnaítear;
 - iii. Féadfaidh duine a nochtadh go ndearnadh mí-úsáid orthu ach nach bhfuil siad in ann nó toilteanach ainm an duine a rinne é a nochtadh;
 - iv. Féadfaidh duine a nochtadh go ndearnadh mí-úsáid orthu ach go bhfuair an duine a rinne é bás;
 - v. Féadfaidh duine a nochtadh go ndúirt duine eile leo go ndearnadh mí-úsáid orthu, nó an áit a bhfaca siad féin an mhí-úsáid.

8.3 Taifid

Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh aon bhaill de phobal MIE a thuairiscíonn mí-úsáid amhrasta na comhráite/na breathnóireachtaí ar a mbunaítear an t-ábhar imní a thaifeadadh go cruinn. Ba cheart go gcuirfeadh na breathnóireachtaí seo (agus d'fhéadfadh dátaí, amanna, ainmneacha, láithreacha, comhthéacs agus aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha a bheith san áireamh) bonn eolais faoin bplé leis an DLP.

8.4 Dul i dteagmháil leis an DLP

Má tá aon imní ar bhaill foirne nó ar mhic léinn, nó má ardaíonn aon duine imní leo, ní mór dóibh dul i dteagmháil láithreach le duine de na DLPanna chun comhairle a lorg. Ba cheart an DLP a chur ar an eolas gan mhoill maidir leis na hábhair imní agus comhairle agus treoir a lorg maidir le conas dul ar aghaidh, go háirithe i ndáil leis na nithe a leanas:

- i. I gcás linbh, ba chóir na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas, seachas sa chás go mbeadh an leanbh i mbaol breise trí dhéanamh amhlaidh;
- ii. Sa chás go bhfuil eachtra fianaithe nó tuairiscithe agus go bhfuil an chosúlacht ann go mbeidh fianaise ábhartha/fóiréinseach ar fáil, ba cheart comhairle a thabhairt don Gharda Síochána ar an luas iomchuí;
- iii. *Má thugann na cúinsí a chuirtear i láthair le fios go bhfuil leanbh i mbaol láithreach, níor chóir iad a fhágáil i staid chontúirteach ar chúinse ar bith.*
- iv. Má thagann tú ar an eolas go bhfuil leanbh i **mbaol tromchúiseach láithreach**, ba cheart teagmháil a dhéanamh láithreach ar an gcéad dul síos leis an Duine Ábhartha (a chinnteoidh sábháilteacht láithreach an linbh ar an gcampas) agus a thabharfaidh foláireamh don Gharda Síochána. Ba cheart ceann de na DLPanna a chur ar an eolas, a

chuirfidh Tusla ar an eolas láithreach.

- v. Níor chóir do bhall de phobal MIE agallamh a chur ar an leanbh nó ar thuismitheoirí/chúramóir an linbh faoin mí-úsáid líomhnaithe, toisc gur feidhm de chuid Tusla nó an Gharda Síochána é seo.

8.5 Déileáil le Nochtadh

Má nochtann leanbh gearán faoi mhí-úsáid go díreach do bhall de phobal MIE, is dóigh go mbeidh an leanbh faoi strus mór mothúchánach agus b'fhéidir gurb é ball an phobail MIE an t-aon duine fásta amháin ina bhfuil muinín ag an leanbh. Ba chóir a bheith an-chúramach gan damáiste a dhéanamh don mhuinín seo. Nuair a thairgtear faisnéis faoi rún, beidh tuiscint agus íogaireacht ag teastáil ó bhall de phobal MIE agus é/í ag freagairt don nochtadh. Cé gur gá an bunús imní a dhearbhu chomh cuimsitheach agus is féidir, tugtar an chomhairle a leanas do bhaill de phobal MIE a ndéanann leanbh nochtadh dóibh maidir le mí-úsáid:

- i. Déan iarracht fanacht socair;
- ii. Éist leis an leanbh;
- iii. Ná cuir ceisteanna tosaigh ná tabhair moltaí don leanbh;
- iv. Tabhair dearbhuithe maidir le cúnamh, ach ná tabhair gealltanais, go háirithe maidir le rúndacht;
- v. Ná cuir stop le leanbh cuimhneamh ar imeachtaí suntasacha;
- vi. Ná hiarr ar an leanbh an scéal a athrá gan ghá;
- vii. Ná tabhair aon bhreithiúnas faoi mhí-úsáideoir líomhnaithe;
- viii. Mínigh go mb'fhéidir go gcaithfear tuilleadh cabhrach a lorg;
- ix. Déan an plé a thaifeadadh go cruinn agus coinnigh an taifead.
- x. Ina dhiaidh sin, ní mór an fhaisnéis seo a thuairisciú do dhuine de na DLPanna.

8.6 Tuairisciú Éigeantach d'Údaráis Stáit

Tá sé de dhualgas ar MIE Tusla a chur ar an eolas faoi aon **fhorais réasúnacha imní** go bhféadfadh go raibh nó go bhfuil mí-úsáid nó faillí á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil an baol ann. Ní gá d'aon bhall de phobal MIE a chruthú gur tharla mí-úsáid chun ábhar imní a thuairisciú do Tusla. Ní theastaíonn ach amháin go bhfuil forais réasúnta imní ann (is é ról Tusla ábhair imní a thuairiscítear dó a mheas).

Déanann duine de na DLPanna tuairisciú (ach amháin i gcás daoine faoi shainordú).

8.7 Tuairisciú ag Duine faoi Shainordú

- 8.7.1. Tá dhá phríomhoibleagáid dhlíthiúla ag daoine faoi shainordú faoin [Acht um Thús](#)

Áite do Leanaí 2015

- i. Dochar leanaí, os cionn tairsí sainithe, a thuairisciú do Tusla
- ii. Cuidiú le Tusla, má iarrtar é, ábhar imní a mheas a bhí ina ábhar do thuarascáil shainordaithe.

8.7.2. Ceanglaítear ar dhuine faoi shainordú, faoin reachtaíocht, aon eolas, tuairim nó amhras réasúnach a thuairisciú go ndearnadh dochar do leanbh, go ndéantar dochar do leanbh, nó go bhfuil an baol ann. Sainmhíníonn an [tAcht](#) díobháil mar ionsaí, drochíde, faillí nó mí-úsáid ghnéasach, agus clúdaíonn sé cásanna aonair agus iolracha.

8.7.3. Ní bhaineann na ceanglais tuairiscithe faoin [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) ach le faisnéis a fuair an duine faoi shainordú nó a raibh sé/sí ar an eolas faoi ó tháinig an tAcht i bhfeidhm. Mar sin féin, má tá imní réasúnach ag duine faoi shainordú faoi mhí-úsáid san am atá thart, i gcás gur tháinig an fhaisnéis chun solais sula raibh an tAcht ann agus go bhféadfadh riosca leanúnach a bheith ann do leanaí, ba cheart don duine faoi shainordú é a thuairisciú do Tusla faoin [Treoir um Thús Áite do Leanaí 2017](#).

8.8 Tuairisciú a dhéanamh mar Dhuine faoi Shainordú

8.8.1 Má tá imní ar dhuine faoi shainordú faoi leanbh, is é a bhfreagracht dhlíthiúil cinneadh a dhéanamh cibé an gcomhlíonann an imní an tairseach le haghaidh tuarascála sainordaithe faoin [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) nó nach gcomhlíonann. Má tá siad sásta gur baineadh amach an tairseach seo, ba cheart dóibh a aithint go soiléir ar an tuarascáil gur tuarascáil shainordaithe í a rinneadh faoin [Acht um Thús Áite do Leanaí ar 2015](#).

8.8.2 Mura bhfuil siad cinnte an sroicheann d'inní an sainmhíniú dlíthiúil ar dhochar chun tuarascáil shainordaithe a dhéanamh, féadfaidh siad an imní a phlé le hoibrí sóisialta Tusla. Mar sin féin, is ar an duine faoi shainordú faoin [Acht](#) atá an freagracht an cinneadh a dhéanamh.

8.8.3 Ní féidir le duine faoi shainordú tuarascáil gan ainm a chur isteach.

8.8.4 Ceanglaítear leis an [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) ar dhaoine faoi shainordú imní sainordaithe a thuairisciú do Tusla “a luaithe is indéanta”. Ceanglaítear leis an [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) ar Tusla daoine údairithe a cheapadh chun tuarascálacha sainordaithe a fháil. Tá sé de dhualgas ar dhaoine údairithe gach

tuarascáil shainordaithe a fhaigheann siad a admháil i scríbhinn.

8.8.5 Má mheasann duine faoi shainordú go bhféadfadh idirghabháil phráinneach a bheith ag teastáil chun sábháilteacht an linbh a bhaint amach, féadfaidh siad Tusla a chur ar an eolas faoin imní sula gcuirfidh siad tuarascáil i scríbhinn isteach. Ina dhiaidh sin, ní mór dóibh tuarascáil shainordaithe a chur faoi bhráid Tusla ar an bhfoirm thuarascála nó tríd an tairseach ghréasáin laistigh de thrí lá.

8.9 Déantar líomhaintí i gcoinne ball foirne

Sa chás go ndéantar líomhain i gcoinne ball foirne, cuirfidh an DLP an Bainisteoir AD ar an eolas, duine a dhéanfaidh imscrúdú neamhspleách nó a bheith ina c(h)úis le himscrúdú a dhéanamh de réir na bprionsabal atá leagtha amach i mbeartais MIE.

8.10 Déantar líomhaintí i gcoinne mic léinn

8.10.1 Sa chás go ndéantar líomhain i gcoinne mic léinn MIE, cuirfidh an DLP an Cláraitheoir ar an eolas, duine a dhéanfaidh imscrúdú neamhspleách nó a bheith ina c(h)úis le himscrúdú a dhéanamh de réir na bprionsabal atá leagtha amach i mbeartais MIE.

8.10.2 Ní bhíonn tionchar ag imscrúduithe den sórt sin ag an mBainisteoir Acmhainní Daonna nó ag an gCláraitheoir ar an dualgas an líomhain faoi mhí-úsáid a thuairisciú do Tusla nó/agus don Gharda Síochána de réir mar is cuí.

8.11 Rúndacht

8.11.1 Coiscítear rúndacht iomlán a gheallúint riamh do leanbh nó do dhuine óg a dhéanann nochtadh. Níor cheart an fhaisnéis go léir maidir le mí-úsáid leanaí a d'fhéadfadh a bheith ann nó a bhfuil amhras faoi a roinnt ach “ar bhonn riachtanas eolais”, ar mhaithe le leas an linbh. Is féidir an riachtanas tuairisciú don DLP agus do Tusla a mhíniú ar bhealach tacúil don leanbh.

8.11.2 Féadfar faisnéis a chur in iúl do phearsanra a bhfuil baint dlisteanach nó ról acu le déileáil leis an gceist; ní sárú rúndachta é faisnéis a thabhairt dóibh siúd a dteastaíonn an fhaisnéis sin uathu, chun leanbh a chosaint (atá i mbaol mí-úsáide nó a d'fhulaing mí-úsáid) lena n-áirítear na DLPanna, Tusla nó an Garda Síochána.

8.12 Daoine a Thuairiscíonn Mí-Úsáid Féideartha Leanaí

8.12.1 Tá forálacha reachtacha ann chun aon bhall de MIE nó DLP a thuairiscíonn amhras faoi mhí-úsáid leanaí go réasúnta agus le dea-intinn d'oifigigh ainmnithe Tusla nó

don Gharda Síochána, chun iad a chosaint ó dhilteanas sibhialta nó coiriúil ([An tAcht um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998](#)).

8.12.2 Cruthaíonn an reachtaíocht seo cion freisin maidir le tuairisciú bréagach ar mhí-úsáid leanaí, i gcás ina ndéanann duine tuairisc ar mhí-úsáid leanaí do na húdaráis chuí “agus fios a bheith acu go bhfuil an ráiteas sin bréagach”. Is cion coiriúil é seo atá deartha chun daoine neamhchiontacha a chosaint ar thuairiscí mailíseacha.

8.12.3 Tugtar faoi deara gur cion é faisnéis faoi chion tromchúiseach in aghaidh duine faoi 18 mbliana nó duine leochaileach a choinneáil siar ([An tAcht um Cheartas Coiriúil \(Faisnéis faoi chionta in aghaidh leanaí agus daoine leochaileacha a choimeád siar\), 2012](#)].

8.13 Grúpaí Seachtracha ar mian leo Maoin MIE a úsáid

Ní mór do gach grúpa a oibríonn faoi ainm nó faoi choimirce MIE cloí le Beartas agus Nósanna Imeachta MIE um Chosaint Leanaí.

- i. Fáiltíonn MIE roimh ghrúpaí agus daoine aonair i bpobal MIE chun saoráidí MIE a úsáid. Agus saoráidí den sórt sin á n-úsáid, ní mór do MIE a bheith cinnte gur glacadh gach céim réasúnach chun leanaí a d'fhéadfadh a bheith bainteach le gníomhaíochtaí den sórt sin a chosaint.
- ii. Tá an fhreagracht as reachtaíocht agus dea-chleachtas um chosaint a chomhlíonadh, lena n-áirítear earcaíocht sábháilte agus grinnfhiosrúchán, ar an ngrúpa nó ar an duine aonair a úsáideann saoráidí MIE agus ní ar MIE í féin.
- iii. Teastaíonn faisnéis mhionsonraithe ó MIE maidir le hiarratas chun saoráidí MIE a úsáid, a bhféadfadh leanaí a bheith i gceist leo, chun a áirithiú go gcosnaítear leas an linbh chomh maith le leas na ndaoine fásta atá i gceist.
- iv. Ní mór [an Fhoirm um Chosaint agus Coimirce Leanaí MIE](#) a chur isteach sula gceadaítear úsáid saoráidí MIE. Cuirfear iarratais ar úsáid na saoráidí sin faoi bhráid Cheann na Roinne/Stiúrthóir na Comhdhála.

9. Cáipéisí Gaolmhara

- 9.1 [An Ráiteas um Chosaint Leanaí](#)
- 9.2 [An Beartas Smachta](#)
- 9.3 [Beartas um Chosaint: Daoine Leochaileacha](#)
- 9.4 [Institiúid Oideachais Marino Daoine Leochaileacha - Foirm Mheasúnaithe Riosca](#)
- 9.5 [An Beartas maidir le Grinnfhiosrúchán \(Baill Foirne\)](#)

Aitheantóir Beartais: Beartas um Chosaint: Leanaí

- 9.6 [An Beartas um Dhínit agus um Mheas](#)
- 9.7 [An Beartas um Eitic sa Taighde](#)
- 9.8 [An Fhoirm um Chosaint agus um Choimirciú Leanaí MIE](#)
- 9.9 [Cód Rialachais](#)
- 9.10 [Cúrsaí a Fhorchoimeádtar do Bhord Rialaithe MIE](#)
- 9.11 [Cód Iompair MIE don Fhoireann & do Mhic Léinn maidir le Córais TF a Úsáid](#)

Aguisín 1

Cód Iompraíochta

- Baineann dea-chleachtas cosanta le leanaí a chosaint agus iad siúd atá i bpoist mhuiníne i leith leanaí a chosaint.
- D'fhéadfadh iarmhairtí dochracha neamhbheartaithe a bheith ag baint le hidirghníomhú le leanaí i gcláir agus i ngníomhaíochtaí agus dochar a dhéanamh do leas na leanaí. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbreithneodh gach ball de phobal MIE conas is féidir leas leanaí a chur chun cinn trí réamh-mheasúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht riosca agus bearta maolaithe iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí den sórt sin i ngach clár agus i ngach gníomhaíocht. Féach [an Fhoirm um Chosaint agus um Choimirciú Leanaí MIE](#).
- Cosnaíonn cód iompraíochta leanaí agus baill de Phobal MIE, trí shoiléire a chinntiú maidir le hiompar do-ghlactha agus teorainneacha. Tá gach duine aonair cuntasach as a g(h)níomhartha féin, agus tá baill de Phobal MIE cuntasach le chéile as seasamh le caighdeáin iompraíochta agus as comhlíonadh na ndlíthe agus na mbeartas uile is infheidhme. Is seirbhís do Phobal MIE é ábhair imní a ardú faoi leas leanaí.
- Ionchais Iompraíochta

Ba chóir duit;

- Agus tú ag gníomhú i riocht muiníne le leanaí, cuimhnigh go bhfuil tú ag gníomhú mar eiseamláir agus mar sin ba chóir duit iompar eiseamláireach a léiriú.
- Bí cúramach lena chinntiú go bhfuil iompar oiriúnach do gach imthoisc agus don timpeallacht.
- Bí íogair do na rioscaí a bhaineann le páirt a ghlacadh i roinnt spórt teagmhála agus bí cúramach i limistéir amhail linnte snámha, cithfholcadáin, etc.
- Tabhair aird chuí ar dhifriochtaí cultúrtha.
- Bí ar an airdeall agus téigh i ngleic le hiompar míchuí i measc daoine eile, lena n-áirítear iompraíochtaí piara go piara.
- Bí cúramach nach féidir cialla gnéis nó ciníocha a bhaint de theanga a úsáidtear.
- Coinnigh na caighdeáin is airde d'iompar pearsanta a agus tú ag idirghníomhú le leanaí agus coinnigh teorainneacha atá oiriúnach don chaidreamh gairmiúil.
- Caith le leanaí le meas agus le dínit agus ar bhealach comhsheasmhach agus cothrom.

Aitheantóir Beartais: Beartas um Chosaint: Leanaí

- Ná haontaigh riamh bualadh le leanbh leo féin (i.e. staideanna príobháideacha nó neamhbhreathnaithe a sheachaint). Ní bhaineann sé seo le gnáthchruinnithe acadúla nó meantóireachta nó le hidirghníomhaíochtaí le mic léinn MIE faoi 18 mbliana d'aois, ná le cásanna taighde ceadaithe nó socrúcháin ghairmiúla nuair a éilíonn an mac léinn ar shocrúchán gairmiúil cruinnithe duine le duine le leanaí.
- Gan a bheith fágtha i d'aonar le leanbh. (Arís, ní bhaineann sé seo le gnáthchruinnithe acadúla nó meantóireachta nó le hidirghníomhaíochtaí le mic léinn MIE faoi 18 mbliana d'aois nó leis an staid taighde nó socrúcháin ghairmiúil);
- Ná forbair caidrimh thar na ról ghairmiúla agus seachain idirghníomhaíocht a sháraíonn teorainneacha na ról sin, amhail cumarsáid phríobháideach nó caidrimh phearsanta.
- Téigh i gcomhairle le DLP má thagann ábhar imní chun cinn.
- Tuairiscigh aon ábhar imní nó gearán um chosaint do Duine Ainmnithe.

Ná déan an méid a leanas:

- Teanga mhíchuí a úsáid nó ligean do dhaoine eile í a úsáid gan é sin a cheistiú.
- Páirt a ghlacadh in aon teagmháil fhisiciúil nó in aon chaidreamh míchuí.
- D'fhaisnéis theagmhála phearsanta a thabhairt nó úsáid a bhaint as aon bhealach den sórt sin chun cumarsáid a dhéanamh nó idirghníomhú i gcáil phearsanta lasmuigh den ghníomhaíocht ghairmiúil, lena n-áirítear trí mheán sóisialta de chineál ar bith.
- Grianghraif a ghlacadh, nó taifeadtaí eile a dhéanamh, gan toiliú sonrach cumarsáide i scríbhinn ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir.
- Cumarsáid a dhéanamh nó gníomhú ar bhealach idirdhealaitheach.
- Alcól nó drugaí a sholáthar nó a úsáid agus tú ag plé le leanaí.
- Páirt a ghlacadh in iompar atá mídhleathach, neamhshábháilte nó maslach, nó a d'fhéadfaí a fhorléiriú mar bhulaíocht nó a d'fhéadfadh duine ar bith a chur i mbaol, nó iompar den chineál sin a cheadú.
- Aon chineál de ráiteas a bhfuil claontagairt ghnéis ann a cheadú nó a dhéanamh.
- Bheith i gclaonpháirt le duine ar bith chun ábhair imní a chur faoi chois.

Caithfear maoirseacht chuí a dhéanamh i gcónaí ar leanaí ar an gcampas. Sa chás go dtugann baill foirne a gcuid leanaí chun cuairt a thabhairt ar MIE, ba chóir do na baill foirne fanacht leo i gcónaí agus a chinntiú go bhfuil siad sábháilte agus faoi mhaoirseacht. Sa chás go dtugann mic léinn a gcuid leanaí ar an gcampas, tá freagracht orthu maoirseacht cheart a dhéanamh orthu i gcónaí. Ní cheadaítear do mhic léinn a gcuid leanaí a thabhairt isteach i ranganna, saotharlanna, léachtaí, spásanna staidéir, oifigí agus áiteanna srianta sa leabharlann.

Aitheantóir Beartais: Beartas um Chosaint: Leanaí

Ba cheart an [Cód Iompraíochta](#) seo a mheas i gcomhar le Beartais ábhartha MIE.

Mic Léinn ar Shocrúcháin

Ní mór do mhic léinn, agus iad ar shocrúchán, i scoileanna, nó i suíomhanna eile cloí le Beartas agus Nós Imeachta um Chosaint Leanaí na scoile óstaigh.

Taighde agus Gníomhaíochtaí/Cláir ina bhfuil leanaí páirteach

- Cuimsíonn Sceideal 1 den [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#) sa sainmhíniú ar Sheirbhísí Ábhartha:

Aon obair nó gníomhaíocht a dhéanann duine, agus ina mbíonn cuid riachtanach agus rialta den chuid is mó go mbíonn rochtain ag an duine ar, nó teagmháil le, leanaí i ngníomhaíochtaí oideachais, taighde, oiliúna, cultúrtha, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiciúla do leanaí, comhairliúchán foirmiúil le leanbh, nó rannpháirtíocht fhoirmiúil ag leanbh i leith nithe a théann i bhfeidhm ar a shaol nó a saol, cibé acu le haghaidh tráchtála nó aon chomaoin eile.
- Chomh maith le beartas MIE um Chosaint Leanaí, caithfidh taighde a bhaineann le leanaí cloí leis an méid a leanas;
 - i. Níosanna imeachta [Eitice](#) Taighde MIE
 - ii. An Treoir maidir le [tionscadail taighde eiticiúla a fhorbairt](#) ina mbeidh leanaí arna bhfoilsíú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige http://www.dcy.gov.ie/documents/Publications/Ethics_Guidance.pdf
 - iii. Aon bhall de phobal MIE atá ag moladh leanaí chun a bheith páirteach i dtaighde nó i ngníomhaíochtaí nó i gcláir eile, a d'fhéadfadh a bheith mar sheirbhís ábhartha faoin [Acht um Thús Áite do Leanaí 2015](#), ní mór dóibh cead a fháil ó Cheann na Roinne.
 - iv. Ceapfaidh Ceann na Roinne Duine Freagrach do gach gníomhaíocht nó clár.
 - v. Tá teimpléad chun measúnú riosca agus ceadú a dhéanamh maidir leis an ngné chosanta de Thaighde, Gníomhaíochtaí agus Cláir le fáil i [Measúnú Riosca um Chosaint Leanaí MIE](#).
 - vi. Tabharfar aird ar leith chun a chinntiú go bhfaightear toiliú eolasach ó thuismitheoirí, ó chaomhnóirí agus ó na leanaí iad féin agus go gcuimseoidh an próiseas measúnaithe riosca measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar rannpháirtithe leanaí.

Úsáid Fón Póca/Fón Ceamara ag Foireann an Choláiste

Moltar do bhaill MIE mar a leanas;

- Bain úsáid as téacsanna grúpa le haghaidh cumarsáide maidir le himeachtaí agus/nó gníomhaíochtaí MIE i measc rannpháirtithe, lena n-áirítear leanaí agus cuir tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí ar an eolas faoi seo ag tús na n-imeachtaí/na ngníomhaíochtaí/na gcampaí.
- Níl sé oiriúnach cumarsáid leanúnach a bheith ann do rannpháirtithe aonair.
- Ná húsáid an fón i suíomhanna áirithe; d'fhéadfadh úsáid mhíchuí an fhóin phóca/an fhóin cheamara a bheith ina chúis le suaitheadh nó le cion do dhuine eile, e.g. áiseanna cúraim phearsanta.
- Sa mhéid is féidir, d'fhonn an riosca go n-úsáidfadh aon duine/daoine íomhánna leanaí go míchuí, gan iarraidh nó go mídhleathach a laghdú, oibreoidh na treoirlínte a leanas maidir le híomhánna de leanaí a ghlacadh agus a úsáid trí fhístáifeadadh, grianghrafadóireacht nó aon ghaireas taifeadta eile.

Ní mór do thaighdeoirí acadúla an méid a leanas a áirithiú le linn a gcuid oibre taighde ina mbíonn leanaí/daoine óga páirteach;

- Go gcuirtear dea-chleachtas i bhfeidhm cibé áit agus uair ina bhfeadfadh grianghraif agus íomhánna taifeadta a ghlacadh agus a stóráil ina dhiaidh sin.
- Go bhfuil gach fístáifeadadh agus/nó an ghrianghrafadóireacht go léir oiriúnach agus neamh-ionrach.
- Nach ndéanann, nuair is féidir, ach na daoine sin a bhfuil sé de cheart acu físeáin agus/nó grianghraif a ghlacadh, ar an gcoinníoll go bhfuair siad cead ó thuismitheoir/chaomhnóir/chúramóir linbh agus a áirithiú go bhfuil a fhios ag an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir an bealach a úsáidfear an íomhá.
- Ní mór príobháideacht daoine eile a urramú agus, dá réir sin, tá cosc dian ar fhóin cheamara, físeáin agus ceamaraí a úsáid taobh istigh d'áiseanna cúraim phearsanta mar áiteanna feistis, cithfholcadáin agus leithris nó limistéir Gharchabhrach.

Físeán mar áis oiliúna sa spórt: Is féidir trealamh físe a úsáid mar áis oiliúna dlisteanach. Mar sin féin, ba cheart cead a fháil ar dtús ón leanbh agus/nó ó Thuismitheoir/Chaomhnóir/Chúramóir an linbh.

Ní mór do gach ball de phobal MIE [Cód Iompraíochta Foirne & Mac Léinn MIE](#) maidir le [hÚsáid Córas TF a chomhlíonadh](#).

Sábháilteacht Idirlín

Is oifig de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais í an Oifig um Shábháilteacht Idirlín agus glacann sí príomhfhreagracht as sábháilteacht idirlín, go háirithe nuair a bhaineann sí le leanaí. Cé go soláthraíonn an tIdirlín go leor deiseanna dearfacha, tá an fhéidearthacht ann freisin go gcuirfí leanaí i mbaol trína nochtadh d'ábhar agus/nó do dhaoine aonair a d'fhéadfadh a bheith díobhálach. Tá roinnt acmhainní cabhracha curtha ar fáil ag an oifig do dhaoine fásta agus do leanaí, atá inrochtana ar <http://www.justice.ie/en/JELR/Pages/Cybercrime>. Soláthraíonn sé naisc freisin le hábhar a dhéileálann le saincheisteanna amhail cibearbhulaíocht, líonrú sóisialta agus sábháilteacht fón póca.